Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/4981

22.9.2025

**Caingean arna tabhairt an 18 Iúil 2025 – Kharkovsky v an Chomhairle**

**(Cás T-479/25)**

(C/2025/4981)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Andrei Kharkovsky (Troisdorf, an Ghearmáin) (ionadaí: B. Malmendier, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— iontráil Uimh. 29 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/965 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 an 8 Deireadh Fómhair 2024 ([1]) a chur ar neamhní;

— a ordú do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir dhá shaincheist dlí.

1. An chéad shaincheist dlí lena n-éilítear earráid fhollasach mheasúnaithe

Theip ar an gcosantóir na forais iarbhír a bhí ann le haghaidh áireamh an iarratasóra sa liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ([2]) a fhíorú. I gcás an iarratasóra, ní bhaineann aon cheann de na cúiseanna a tugadh lena chur san áireamh ar an liosta leis.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na comhréireachta

Ní chuidíonn cur san áireamh an iarratasóra ar an liosta ar chor ar bith le cuspóirí Rialachán (AE) 2024/2642. Ina theannta sin, tá smachtbhanna an iarratasóra díréireach freisin.

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/965 ón gComhairle an 20 Bealtaine 2025 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2024/2642 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise (IO L, 2025/965).

([2]) Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise (IO L, 2024/2642).